Technological University Dublin
ARROW@TU Dublin

Prospectus: Kevin Street
Kevin Street College

1991-11-19

# Oiche Ghairmeach : Kevin Street College

Dublin Institute of Technology

Follow this and additional works at: https://arrow.tudublin.ie/proskt

Part of the Education Commons

## Recommended Citation

Dublin Institute of Technology, "Oiche Ghairmeach : Kevin Street College" (1991). *Prospectus: Kevin Street*. 66.
https://arrow.tudublin.ie/proskt/66

This Other is brought to you for free and open access by the Kevin Street College at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Prospectus: Kevin Street by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact yvonne.desmond@tudublin.ie, arrow.admin@tudublin.ie, brian.widdis@tudublin.ie.

This work is licensed under a Creative Commons Attribution-Noncommercial-Share Alike 3.0 License

# Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Sráid Caoimhín, Baile Átha Cliath 8

ÁTH CLIATH 1991
CATHAIR CHULTÚRTHA EORPACH

# OICHE GHAIRMEACH

## 19ú SAMHNA 1991

**CLÁR:**

**7.30 Leacht** ar an Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sr. Caoimhín, ar chúrsaí na Coláiste (le sleamhnáin) agus na gairmeacha atá le fáil ag Céimithe.

**ca. 8.15 Tráth Ceistiúchán Phoibli** – beidh painéal idir foireann is mic-leinn ar fáil on Choláiste le eolas agus comhairle a thabhairt faoi chúrsaí agus ghairmeacha.

**ca. 9.15 Fiosrúcháin Phearsanta** – beidh an painéal ar fáil le chaint aonair a dhéanamh.

**9.30 Críoch.**



**Buíochas:**

Tá buíochas mór tuilte ag: Joe Mac Donchadha ó Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge a thug an spreagadh is a chuidig go mór le chúrsaí eadarghabhála is chaidraimh, Eamon Tuffy is Jim Behan a rinne eagrú don Ocáid, Mairéad Brady is Jimmy Robinson a rinne ullmhúcháin don Chlár seo is Oben a gnothaigh an Deartha is Cló-stealbhú.

## Cathaoirleach:

*CIARÁN TAAFFE* *BSc MSc CPhys MInstP MBA HDipEd DipProd Abhcóid-le-Dlí*




Tógadh Ciarán Taaffe i nDún Dealgan is d'fhreastail sé ar Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, áit ar bhain sé céim onórach san bFisic is Árd Teastas san Oideachais onórach amach, sar a ghnothaigh sé árd chéim le hadhaidh taighde. D'imir sé peil Sigerson leis an gColáiste. Chaith sé seal mar Leachtoir Shoisearach roimh dul le deantúsaíocht sa tSualainn.

Ceapadh é mar cheannasaí ar Roinn na Fisice in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Caoimhín i 1971 agus mar Leas Priomh-Oide 1982. Tá céim MBA onórach aige ó Coláiste na hOllscoile BAC agus is Abhcóid-le-Dlí é ó Kings Inns. Bhí sé ina runaí ar an Brainse Éireannach de Institiúid na Fisice agus chaith sé seal ar Choistí an Chaiteachais agus Ballraíochta den Institiúid i Londain.

Bhí sé ina bhall de Choisde Naisiúnta na Fisice de Acadaimh Ríoga na hÉireann idir 1976-1982 agus ina Chathaoirleach are Chomhairle Acadiúl de Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1979-1981. Is Cathaoirleach é ar Choisde Oideachais na mBanaltra in Ospideal na Mí.

## Leiritheóir:

*DIARMUID MAC DAEID* *BSc MSc PhD CChem FRSC FICI*




I mBaile Cliath a rugadh agus a tógadh Dr. Diarmuid Mac Daeid. Tar-éis freastail ar Scoil Ó Conaill chuaidh sé go hOllscoil na Gaillimhe, ait ar bhain sé céim onóracha BSc. Dhein sé MSc agus PhD san Chemic agus bhí sé mar Leachtóir Shoisearach ar feadh cúig bliain. Chaith sé trí bliain mar Leachtóir i gCeimic in Ollscoil Dundee in Albain agus tháinig sé go hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, i Sráid Caoimhín, mar Leachtóir i 1970. Ceapadh mar Leas-Cheann ar Roinn na Ceimice é i 1974.

Bhí sé ina Runaí ar Institiúid Ceimice na hÉireann ar feadh ocht mbliana agus mar theachta na hInstitiúide ar Choistí idir-naisiúnta agus ar Choiste Ceimice an Chomhphobail Eorpach. Is saineolaí é san Dlí-eolaíocht.

# Foireann an Phainéil:

*MAITIÚ HUSSEY* BE MS PhD CPhys FInstP CEng FIEE

Tógadh Dr. Maitiú Hussey i gCo. Thiobrad Árainn agus cáilíodh é in Innealtóireacht Leictreach i gColáiste Ollscoile Bhaile 'Cliath. Chuaigh sé chun oibre i bhFisic Leighis agus Bith-innealtóireacht in Ollscoil Pennsylvania, Philadelphia agus don Seirbhís Sláinte i nGlascú in Albain. Tháinig sé go dtí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sr. Caoimhín i 1975 agus ceapadh é mar Cheann ar Roinn na Fisice i 1982. Tá leabhra scríobhfa aige i nGaeilge don Árd-Teistimearachta san bhFisic is san Mheicnic. Tá taighde fairsing déanta aige is breis is 30 foilsiúchcáin aige sna hirisí eolaíochta.



*MICHAEL MAC RUAIRÍ*


Michael Mac Ruairí is ainm dom. Rugadh mé i dTír Chonaill i brath gaeltacht 'Loch an Iúir' atá thart fá trí míle as Gaothdóir. Chuaigh mé an scoil i 'bPobal Scoil an Fhalcarraigh' i dTír Chonaill áit a rinne mé an Meanteist trí Ghaeilge. Ghlac mé pairt fósta i ndiospoireachtaí Gaeilge 'Gael Linn' agus bhí mé mar chaptaen ar an fhoireann a bhain Craobh na hÉireann i 1985.

Tar-éis an Árdteist i 1987 dfhag mé Tír Chonaill agus chuaigh mé go DCU i mBaile Átha Cliath le cúrsa innealtóireachta a dhéanamh. Ní raibh morán suim agam sa chúrsa agus tar-éis bliain schocraigh mé ar an cúrsa eolaíochta a dhéanamh anseo i Sráid Caoimhín áit atá mé ag staidéir anois le trí bliain anuas. Ghlac mé an rodha Fisic agus Cheimic agus tá an-suim agam sa bheirt. Ghlacaim pairt fósta san Chumann Gaelach sa Choláiste agus ta mé mar Uachtarán ar an chumann i bliaine. Beidh mé ag criochnú an chúrsa an bhlian seo.




*AODHAN Ó DUIBHIR* BE MIEI

Rugadh agus tógadh Aodhan Ó Duibhir i gCo. na Gaillimhe. Chuaigh sé go dtí hOllscoil na Gaillimhe agus cáilíodh é in Innealtóireacht Leictreonach. Chaith sé bliain amháin ag obair in Ollscoil Geneva, San Eilbhéis agus cuig bliain ag obair mar innealtóir leictreach i gCorcaigh. Tháinig sé go hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i Sráid Chaoimhín mar Leachttóir i 1990.




*CRIOSTÓIR MAC IONNRACHTAIGH*



Criostóir Mac Ionnrachtaigh is ainm dom agus tá mé san cheathrú bhlian den chúrsa WSAD (Eolaíocht Feidhmeach) faoi láthair. Rugadh mé i mBaile Átha Cliath agus freastal mé ar mean-scoil lán-ghaeilge Coláiste Eoin, suite ar taobh dheisceart na cathrach, i Tigh Lorcáin. Rinne mé gach ábhar trín ghaeilge agus ghlacas páirt i ndíospoireachtaí, san iománaíocht agus sa pheil gaelach. Bhí an-spéis agam san eolaíocht agus sa Francais i mo bhliain deireanach ar scoil (1988), mar sin, roghnaigh mé an chúrsa WSAD i gColáiste Sráid Caoimhín tar-éis dom an Árd-teist a dhéanamh. Roghnaigh mé an Fhisic agus an Ceimic mar príomh-abháir, agus bainim an-taithneamh astú toisc go bhfuil an-béim ar an taobh practiciúl is feidhmeach. Tá sochaí ghaeilge sa choláiste, is fóirne iománaíochta is peile chun an tionchar ghaeilge a choiméad beo. Beidh mé ag críochniú anseo an bhlian seo chugainn le cúnamh dhé. Tá sé i gceist agam ansin obair thar lear no árd-chéim a dhéanamh i mBaile Átha Cliath.

*ROIBEARD MAC MATHÚNA* *BComm MBS*



Céimí de Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é Roibeard Mac Mathúna i dTráchtáil agus Eagrú Gnó. Tar-éis taighde dó san Ollscoil chuaigh sé mar Oifigeach Phearsánta le Comhlucht Eason. Scríobhann sé altanna go féiltíul in irisleabhair gnó go mór mór Business & Finance agus Folens Business Journal. Faoi láthair tá taighde á dhéanamh aige faoi choimirce deontas a fuair sé ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ceapadh é mar Leachtóir in Eagrú gnó i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sr. Chaoimhín i 1983.

Eagrú mhór ar lamhaibh aige le h-aiteanna cleachta a chur ar fáil do mhic-léinn na Choláiste sa bhFraince agus do mhic-léinn tuaisceart na Fraince in Éirinn.


*CARMEL MOTHERSILL* *BSc PhD CBiol MIBiol CPhys MInstP*



Rugadh is tógadh Dr. Carmel Mothersill i mBaile Átha Cliath. Céimí san Zooeolaíocht as Coláiste na hOllscoile, Baile 'Cliath í Carmel. Bhain sí an PhD san mBithcheimic leis an bhForas Taluntais agus tá sí ag leachtáil in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sr. Chaoimhín ó 1977. Bhí sí freisin ag taighde in Ospideal Naomh Lucas idir 1980-1989. Anois tá foireann taighde seisear aici agus sreath saotharlann in Institiúid Teicneolaíocht Bhaile Átha Cliath i Sr. Caoimhín atá ag obair ar Radaíochta agus Ailse. Ta breis agus 100 páipéirí eolaíochta foilsithe aice agus có-oibrú idirnáisiúnta leis An Gearmán, An Spáinn, Alba agus na Stáit Aontaithe bunaithe.

*BREANDÁN Ó hANNAIDH* BSc MSc PhD

Fuair an Dr. Ó hAnnaidh a bhun-chéim san bhFisic in Ollscoil na Riona i mBeal Feirste. Rinne sé taighde ar an árd-atmaisfear le céim MSc a ghnothú ó Ollscoil Chalgary i gCeanada, agus ina dhiaidh sin arais leis chuig Ollscoil na Riona le ceim PhD a bhaint amach. Tá sé ina Leachtóir le Fisic i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chaoimhín ó 1970.




*GEARÓID Ó hEARCÁIN*

Is mise Gearóid Ó hEarcáin agus táim sa ceathrú bhlian den Cúrsa Céime san Innealtóireacht anseo i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i Sráid Caoimhín. Tá conaí orm a Tigh Lorcáin agus bhí mé ar Scoil Naomh Benildus. Cé nach scoil gaelach í, chaith mé tréibhse le Coláiste na bhFiann agus is ansin gur thóg mé leis an nGaeilge.

I Feabhra 1988 leis an foirm CAO ag bagairt orm bhí orm m'aigne a dhéanamh suas faoi Coláiste Innealtóireachta Leictreonach a phiocadh.

B'e Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Caoimhín mo céad rogha. Do fhreastail m'athair agus mo bheirt dearthair ar an gColáiste seo freisin. Cúrsa ceithre blian atá fúm is tar-éis dhá bhliain a bhaint amach bhí rogha againn díriú don dá bhlian deireannacha ar ceann amháin de (a) Cúrsaí Cumarsáide agus Riomhairí, (b) Cursaí Chorais agus Riartha, nó (c) Cumhacht. Thogh mé féin an chéad cheann agus tá 20 comhlachaithe san dream liom.

Dár liom féin is cúrsa an mhaith é agus ní bhíonn sé ró-dheacair postanna a fhail. Gheitheann an cuid is mó againn postanna mhaithe i rith an t-Samhraidh freisin; bhí mé féin ag obair le Digital Equipment Corporation i rith an t-Samhraidh seo chaite.



*BREANDÁN Ó SÉAGHDHA* BSc MSc PhD

Rugadh agus tógadh Dr. Ó Séaghdha i Lios Tuathail i gCo. Chiarraí. Tar-éis BSc agus MSc a bhaint amach i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, chaith sé seal in Ollscoil Londain agus Ollscoil Nebraska ins na Stáit Aontaithe. Bhronnadh Doctúracht i Ríomhaireacht air i 1971. Cheapadh é mar Leachtóir i Ríomhaireacht i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Caoimhín i 1971 agus tá sé ina Leas-Ceannaire ar Roinn na Matamaitice, Statistice agus Ríomhaireachta i láthair na huaire.

I 1973 bhuaidh Dr. Ó Séaghdha craobh sinsearach na hÉireann san Mharatón. I láthair na huaire is traenálaí é do foireann Mharatón na hÉireann dos na Cluichí Olimpeacha. Tá morán taighde déanta aige ar chúrsaí chothúcháin do luith-chleasa agus leachtanna ina thaobh tugtha aige ar fud an domhain.



*VERONICA UÍ DHUIBHIR* *DipOphthOpt FAOI*

Blath Cliach ó dhuchas í. Tógadh í Rathfearnain í agus fuair sí oideachas mean-scoile i gColáiste Sancta Maria. Nuair a thug sí cúl ar an mhean-scoil bhí an t-adh leí Diaploma Radharcmhastóra a bhaint amach i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Caoimhín. Chuaigh sí i mbun oibre i 1986 i gComhlucht Radharcmhastóira Dixon Hempenstall i mBaile Átha Cliath.

In a dhiadh sin bhí taithí fairsing aici mar Radharcmhastóir i gComhlucht Wigmore agus Lynx Optique i mBaile Átha Cliath agus san bhFrainnc. Blian ó shoin toghadh í mar Leachtóir san Radhardmhastóireacht in san Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i Sráid Chaoimhín. I láthair na huaire tá Céim Dhoctura idir lamhaibhe aici.



*EANNA Ó BRÁDAIGH*

Idir 1973-1981 Oideachas Bunscoile i Scoil Lorcáin, Cearnóg Eaton, Baile na Manach agus idir 1981-1987 Oideachas Meanscoile i Choláiste Eoin, Baile an Bhóthair, Co. Baile Átha Cliath.


Shochraidh mé ar dul chuig Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, i Sráid Caoimhín de bharr go raibh an-suim agam i stádéir phraicticúil. Bhí mé ag labhairt le ceann de cheimithe ón Diaploma Cúrsa do Theicneóirí san Eolaíocht Fheidhmeach i bFisic (WAS) a bhí ag obair i gColáiste na Trionóide agus ba é eisean a dúirt liom faoin roghanna a bhí ar fáil. Toisc suim agam i gconas a noibríonn rudaí thuigeas go bheadfainn é seo a fhoghlaim agus tuiscint a bheith agam air. D'éirigh go maith liom i mo chéad chúrsa agus ansin chuas ar aghaidh go cúrsa chéime onórach san Eolaíocht Fheidhmeach (WSAD) chun leanúint le mo chuid stádéir. Tá súil agam leanúint go MSc.



*TOMÁS MAC SIOMÓIN* *BSc PhD*

Blea Cliathach 'sea Dr. Mac Siomóin a ghnóthaigh a bhunchéim sa Luibheolaíocht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Tréimhsí ag plé le taighde i leith na vireas-eolaíochta sa Landbouwhocheschool, Wageningen san Ollainn, agus in Ollscoil Cornell, Ithaca, Nua Eabrac. Céim PhD ó Ollscoil Cornell le tráchtas ar bhithcheimic an chorais fhriotaíochta atá ag plandaí in aghaidh gluaiseacht sisteamach viteasanna. Foilseacháin ar an abhar seo aige in irisí idirnáisiúnta. Seal 3 bhliana ag leachtóireacht i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, sular ghlac le post leachtóireachta i Roinn na Bitheolaíochtaí i Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Caoimhín i 1973.

Seal caithe aige ina eagarthóir ar Anois agus i láthair na huaire is eagarthóir é ar Comhair agus is cathaoirleach é ar an bhFeachtas Náisiúnta Telefíse. Le trí cnuasachtaí filíochta foilsithe aige ní beag an clú atá tuilte ag Tomás mar file is mar leirmheastóir.



ÁTH
CLIATH
1991

CATHAIR CHULTÚRTHA EORPACH